**Central Statistics Office**
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

# Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2006 – Imleabhar 10 - Oideachas agus Cáilíochtaí

**Níos mó daoine le hoideachas tríú leibhéil**

D'ardaigh líon na ndaoine a chríochnaigh a n-oideachas le cáilíocht tríú leibhéil níos mó ná 180,000 idir 2002 agus 2006, ó 645,000 go 830,000. Is ionann seo agus ardú de níos mó ná 28% i gceithre bliana.

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2006 Imleabhar 10 – Oideachas agus Cáilíochtaí, a thugann tuilleadh mionthorthaí maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc seo na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir an leibhéil is airde oideachais a baineadh amach, an aois ar scoir daoine ón oideachas lánaimseartha agus cáilíochtaí tríú leibhéil bainte amach do na ranna tíre sonraithe sa tír. (Féach nóta an eagarthóra).

Tá líon na ndaoine le hoideachas bunscoile amháin ag titim i gcónaí agus sa bhliain 2006 ba 514,000 daoine a bhí i gceist nó 15.2% de dhaoine 15 bliana d'aois agus níos sine. Sa bhliain 2002 sheas an céatadán sin ag 18%.

**Níos mó baineannach ag plé leis an oideachas**

Tá céatadán na mbaineannach atá ag plé leis an oideachas lánaimseartha fós níos airde ná céatadán na bhfireannach, ag cloí le treocht a bhí soiléir i ndaonáirimh roimhe seo. Tá an difríocht i rátaí rannpháirtíochta níos mó i measc daoine idir 15-19 bliana d'aois, áit a raibh 82.6% de bhaineannaigh san oideachas lánaimseartha i gcomparáid le 73.6% de fhireannaigh.

**Leibhéal ard oideachais bainte amach ag náisiúnaigh neamh-Éireannacha**

Sa bhliain 2006, bhí cáilíocht tríú leibhéil ag 38.3% de náisiúnaigh neamh-Éireannacha a bhí scortha ón oideachas lánaimseartha i gcomparáid le 28.2% de náisiúnaigh Éireannacha. Is féidir an difríocht i leibhéal an oideachais bainte amach a mhíniú go pointe áirid, ní go hiomlán áfach, sa mhéid gur daoine níos óige iad na daoine nach Éireannaigh iad. Bhí an céatadán ab airde de dhaoine le cáilíocht tríú leibhéil (58.3%) san AE 15 (gan Éire agus an Ríocht Aontaithe san áireamh) agus thit an céatadán go 23.9% do dhaoine ón AE 15 go AE 25 Stáit nua. Bhí oideachas tríú leibhéil ar dhuine as gach beirt neamh-Éireannach ó thaobh amuigh den AE.

**Cáilíochtaí oideachais ag an leibhéal ab ísle i measc feirmeoirí agus oibrithe tógála**

Oideachas bunscoile amháin a bhí ar 29% d'oibrithe feirme, iascaireachta agus foraoiseachta agus 26% d'oibrithe teicstíle, éadaí agus leathair de réir daonáirimh 2006. Mar chomparáid ar seo, bhí oideachas tríú leibhéil ar 91% de mhúinteoirí i gcomparáid le 89% dóibh siúd i ngairmeacha creidimh agus 79% de dhaoine i ngairmeacha eolaíochta agus teicniúla.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
LoCall 1890 313 414
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
GlaoÁitúil 1890 313 414
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
Ríomhphost info@cso.ie

**Eolaíochtaí Sóisialta/gnó/dlí na hábhair staidéir is coitianta**

Tá an tóir is mó i gcónaí ar na h*eolaíochtaí sóisialta/gnó/dlí* (21%) mar ábhair staidéir agus ina dhiaidh sin ar *sláinte* (12.1%). Bhí cáilíochtaí ag beagainín níos lú ná céimí amháin as gach ochtar i níos mó ná ábhar léinn amháin. I measc na gcéimithe fireann b'é *Innealtóireacht/déantúsaíocht agus tógáil* an t-ábhair staidéir ba choitianta (24%) agus i measc na mban b'iad na h*eolaíochtaí sóisialta/gnó/dlí* na hábhair staidéir ba choitianta (20.7%).

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí in Imleabhair 7, 8, 10 - 12 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha*, a foilsíodh ar an 21 Meitheamh 2007. Tá figiúirí don oideachas agus cáilíochtaí ag leibhéal geografach níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 10, atá á fhoilsiú inniu.

Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie ). Tá táblaí ag leibhéil Toghranna, Ceantar Áitiúil Toghroinne agus do bhailte beaga ar fáil ar shuíomh idirlín na POS amháin.

**Le cóipeanna den fhoilseachán a fháil déan teagmháil le:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

## Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Átha Cliath.

| | |
|---|---|
| Fiosrúcháin an Daonáirimh | (01) 895 1460/61/63/66 |
| Facs: | (01) 895 1399 |
| Ríomh-phost: | census@cso.ie |
| Idirlíon: | www.cso.ie |

*An Phríomh-Oifig Staidrimh* 18 Deireadh Fómhair 2007

**– CRÍOCH –**